An Roinn Oideachais agus Eolaíochta **M56AT**

**Scrúdú na hArdteistiméireachta, 1999**

1496

# Gnó - Gnáthleibhéal
# (400 marc)

**DÉ CÉADAOIN, 16 MEITHEAMH, MAIDIN 9.30 - 12.00**

**Freagair**

**Deich gceist as Roinn 1**

**Ceithre cheist as Roinn 2 mar seo a leanas:**

**Ceist amháin as Cuid 1**
**Dhá cheist as Cuid 2**
**Agus ceist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2**

**Rabhadh**

**Ní mór duit Roinn 1 a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

**Is féidir áireamháin a úsáid.**

**Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo**

## An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

### Scrúdú na hArdteistiméireachta, 1999
### Gnó - Gnáthleibhéal

# ROINN 1
**(100 marc)**

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag dul do gach ceist. Cuir an Roinn seo isteach le do fhreagarleabhar, le do thoil.**

**1.** Déan idirdhealú idir gnólachtaí a "onnmhairíonn" agus gnólachtaí a "allmhairíonn" earraí. Léirigh é seo le sampla de gach ceann.

**2.** Liostaigh na príomhpháirtithe a mbíonn baint acu le gnó:

(i)

(ii)

(iii)

(iv)

(v)

**3.** Tarraing barrachairt ag baint úsáide as an eolas seo a leanas:

| Cuideachtaí Trasnáisiúnta in Éirinn | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Tír | S.A.M. | An Ghearmáin | An Ríocht Aontaithe | An tSualainn | Eile |
| Líon Cuideachtaí | 400 | 180 | 160 | 40 | 150 |

Líon Cuideachtaí

Tír

4. Cad dó a sheasann na litreacha seo a leanas? ( *Scríobh gach freagra ina iomláine sa spás atá ann dó*).

| | | |
|---|---|---|
| (i) | L.L.S.D. (S.W.O.T.) | ______________________ |
| (ii) | B.U.M. (T.Q.M.) | ______________________ |
| (iii) | B.A.D. (H.R.M.) | ______________________ |

5. Liostaigh trí chúis ar cheart do chuideachta theoranta phríobháideach forleathnú le bheith ina cuideachta theoranta phoiblí.

______________________

______________________

______________________

______________________

6. *Is liosta de théarmaí gnó Colún 1. Is liosta mínithe a d'fhéadfadh a bheith ar na téarmaí sin atá i gColún 2. Meaitseáil an dá liosta tríd an litir don mhíniú cuí a chur in aice leis an uimhir chuí thíos. Níl meaitseáil ann do mhíniú amháin.*

| Colún 1: Téarmaí | Colún 2: Míniú |
|---|---|
| 1. Cáin Ioncaim | A. Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta |
| 2. Cáin Bhreis Luacha | B. Cáin ar bhrabús a shaothraíonn cuideachtaí |
| 3. Cáin ar ghnóthachain chaipitiúla | C. Cáin a ghearrtar ar earraí agus ar sheirbhísí |
| | D. Cáin ar bhrabús a rinneadh as sócmhainní a dhíol |
| 4. Á.S.P.C. | |
| 5. Cáin Choinneála ar Ús Taisce | E. Cáin a bhaineadh as ús a saothraíodh ar chuntais choigiltis |
| 6. Cáin Chorparáideach | F. Cáin ar bhronntanais agus ar oidhreachtaí |
| | G. Cáin iníoctha ar ioncam |

| | |
|---|---|
| 1 | G |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |

7. Luaigh **dhá** eilimint i gconradh bailí agus mínigh **ceann** acu go hachomair.

______________________

______________________

______________________

______________________

______________________

**8.** Liostaigh **trí** rud ar bac iad ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**9.** Déan cur síos go hachomair ar **thrí** mhír eolais a bheadh ag teastáil ó bhainisteoir bainc ó dhuine a bheadh ag déanamh iarratais ar iasacht ghnó.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**10.** Mínigh an téarma 'caipiteal cothromais'.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**11.** Ríomh an pá glan bliantúil a thugann Jim abhaile leis ó na figiúirí seo a leanas.

| | |
|---|---|
| Pá Bliantúil Comhlán ÉIR£14,000 | Liúntas iomlán saor ó cháin ÉIR£4,000 |
| Ráta Íoc mar a Thuillir 24% | ÁSPC 6.75% |

Glanphá tar éis asbhaintí =

Oibriú

**12.** Liostaigh **ceithre** chéim sa bhealach dáilte atá ann le táirge a thabhairt chomh fada leis an gcustaiméir. Ainmnigh táirge a bheadh oiriúnach don bhealach atá liostaithe agat.

| |
|---|
| |
| ↓ |
| |
| ↓ |
| |
| ↓ |
| |

| Táirge |
|---|
| |

**13.** Mínigh Taighde Margaidh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**14.** Scríobh FÍOR nó BRÉAGACH tar éis gach ceann de na habairtí seo:

(A) Is Fiachas reatha é Airgead Tirim. ____________________

(B) Is sócmhainn Sheasta é talamh ____________________

(C) Is Sócmhainn reatha iad creidiúnaithe ____________________

(D) Is fiachas iad gnáthscaireanna ____________________

(E) Is sócmhainn Sheasta í rótharraingt bhainc ____________________

**15.** Mínigh an ról a bhíonn ag fiontraí i ngnó.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**É SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 1999

Gnó - Gnáthleibhéal

998

# ROINN 2

(300 marc)

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc

**Freagair ceithre cheist as Roinn 2 mar seo a leanas:**
**Ceist amháin as Cuid 1**
**Dhá cheist as Cuid 2**
**Agus aon cheist amháin eile as Cuid 1 nó Cuid 2**

## Roinn 2 Cuid 1

### Daoine i gCúrsaí Gnó

**Ceist 1**

*Léigh an t-eolas seo a leanas agus freagair na ceisteanna seo a leanas ina dhiaidh.*

(i) Thug Deirdre sampla de pháipéar balla abhaile le féachaint ar oir sé don halla. Ghlaoigh sí ar an siopa and d'ordaigh sí cúig rolla den pháipéar balla sin. Rinneadh an páipéar a sheachadadh agus fuair sí amach nár mheaitseáil an dath an sampla. Chuir sí glao teileafóin ar an siopa ach dhiúltaigh an cúntóir siopa na cúig rolla páipéir balla a ghlacadh ar ais.

(A) Ainmnigh an dlí a thugann cosaint don tomhaltóir sa chás seo. **(5 marc)**

(B) Déan cur síos go hachomair ar mhodh **amháin** nach modh dlí (neamhdhíthiúil) a réiteodh an fhadhb thuas. **(10 marc)**

(C) Mínigh cearta dlí Dheirdre agus dualgais an tsiopa sa chás seo. **(20 marc)**

(ii) Is í Máire an stíobhard ceardlainne i monarcha. Tá sí ag reachtáil ballóid rúnda féachaint an nglacfaidh na hoibrithe gníomh tionsclaíoch faoi dhífhostú comhghleacaí.

(D) Mínigh na téarmaí `stiobhard ceardlainne' agus 'ballóid rúnda'. **(20 marc)**


(E) Liostaigh **dhá** fhoraíl den Acht um Dhífhostú Éagórach 1977 - 1993. Cén sásamh atá ar fáil don fhostaí faoin Acht? **(20 marc)**

## Timpeallacht Bhaile/Idirnáisiúnta

### Ceist 2

*Scrúdaigh an t-eolas atá tugtha agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

Tá feirm mhór déiríochta ag muintir de Faoite agus soláthraíonn siad bainne chuig comharchumann táirgeoirí áitiúla dárb ainm an Comharchumann Cáise Nádúrtha. Is comhaltaí iad an teaghlach den Chomharchumann Cáise Nádúrtha (CNN) a tháirgeann agus a dhíolann cáis agus iógart. Tá suíomh ceannaithe ag an gcomharchumann chun monarcha nua do dhéanamh cáise a thógail.




(A) Ainmnigh an catagóir tionscail ina bhfeidhmíonn an Comharchumann Cáise Nádúrtha (CCN). **(5 mharc)**

(B) Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste atá ag muintir de Faoite ó bheith ina gcomhaltaí de chomharchumann. **(10 marc)**

(C) Liostaigh **trí** chúis ar mhaith le CCN a monarcha nua a lonnú ar an suíomh sin. **(15 marc)**

(D) Déan cur síos go hachomair ar **dhá** fhreagracht timpeallachta a bheidh ar CCN má lonnaíonn siad a monarcha ar an suíomh sin. **(20 marc)**

(E) Déan cur síos go hachomair ar **dhá** fhiontar in úinéireacht an stáit a d'fhéadfadh cuidiú leis an gComharchumann Cáise Nádúrtha a gcuid gnó a fhorbairt. **(25 marc)**

## Timpeallacht Bhaile/Idirnáisiúnta

### Ceist 3

*Scrúdaigh an t-eolas atá tugtha agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

Tá a lán athruithe ag teacht ar gheilleagair idirnáisiúnta lena n-áirítear Éire. Tá deiseanna agus dúshláin do ghnó in Éirinn cruthaithe ag príobháidiú anseo in Éirinn agus i dtíortha Eorpacha eile ag forbairt an Mhargaidh Aonair Eorpaigh agus ag forbairt teicneolaíochtaí nua.

(A) Mínigh an téarma 'príobháidiú'. **(10 marc)**

(B) Déan cur síos go hachomair ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le príobháidiú fiontair stáit. Tabhair sampla de chuideachta a rinneadh a phríobháidiú. **(20 marc)**

(C) Liostaigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht ag baint le teicneolaíocht i dtrádáil idirnáisiúnta. **(10 marc)**

(D) Déan cur síos ar **thrí** dheis a thugann an Margadh Aonair Eorpach (SEM) do ghnólachtaí Éireannacha. **(15 marc)**

(E) Ainmnigh **dhá** institiúid de chuid an AE. Mínigh ról **aon cheann** ar bith acu. **(20 marc)**

## Roinn 2 Cuid 2

| Fiontraíocht/Bainistíocht |
|---|

### Ceist 4

*Léigh an t-eolas atá tugtha agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

| |
|---|
| Tá Máire agus Marcas de Brún ina gcónaí i mbaile cois farraige. Bhí an bheirt acu ag obair i monarcha troscáin a dúnadh agus tá an bheirt acu dífhostaithe anois. Bhí Máire ag plé le teicneolaíocht an eolais in oifig an monarchan agus bhí Marcas ag dearadh agus ag déanamh troscáin. Thug siad faoi deara go mbíodh turasóirí ar an mbaile le linn an tsamhraidh ag lorg earraí cuimhneacháin. Shocraigh siad gnó a bhunú ag déanamh bréagán adhmaid le díol leis na turasóirí. Bhailigh siad caipiteal trína gcuid coigealtas agus lorg siad iasacht ar an mbanc. Scríobh Marcas litreacha, chuir se faicseanna chun siúil, rinne sé glaonna teileafóin agus thug sé cuairt ar na siopaí áitiúla ar fad leis na bréagáin a dhíol. Bhain Máire leas as an bpost leictreonach (ríomhphost) le teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí agus as an idirlíon chun eolas a fháil ar bhréagáin adhmaid. |

(A) Cén bhrí atá leis an téarma 'post leictreonach'? **(10 marc)**

(B) Luaigh **<u>dhá</u>** scil fiontraíochta ar bhain Marcas agus Máire leas astu. **(20 marc)**

(C) Cad é 'an tIdirlíon' agus conas a chuideodh sé le Marcas agus Máire? **(10 marc)**

(D) Luaigh **<u>trí</u>** mhodh cumarsáide sheachtracha ar bhain Marcas agus Máire leas astu. **(15 marc)**

(E) Dréachtaigh litir gnó a scríobhfadh Marcas agus Máire chuig M. Green, Gníomhaire Nuachtán, An Phríomhshráid, Dún Abhann, lena chur ina luí air gur cheart dó a gcuid táirgí a dhíol ina shiopa. **(20 marc)**

## Bainistíocht

### Ceist 5

*Léigh an t-eolas atá tugtha agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

Seo a leanas sliocht as tuairisc an Chisteora a cuireadh i láthair ag cruinniú ginearálta bliantúil (CGB) an Chlub Uilespóirt.

Tuairisc Chisteoir Uilespóirt 1999

1. Ag deireadh 1998 ní raibh aon airgead tirim ina chuntas coigiltis ag an gclub, bhí iasachtaí de £10,000 aige agus rótharraingt de £900 ar an gcuntas reatha.

2. Le linn na bliana scríobhadh litreacha chuig cúig ghnólacht is fiche ag lorg urraíochta. Ní bhfuarthas aon fhreagraí.
Tá gá le hairgead a bhailiú láithreach.

*R. Grant (Cisteoir Oinigh)*

(A) Cad é staid airgeadais an Chlub Uilespóirt? **(5 marc)**

(B) Déan cur síos go hachomair ar **chúig** mhír a cheapfá a bheadh ar chlár oibre chruinniú ginearálta bliantúil an Chlub Uilespóirt. **(15 marc)**

(C) Déan idirdhealú idir ról an Chathaoirligh agus ról an Rúnaí ag cruinniú ginearálta bliantúil. **(20 marc)**

(D) Mínigh an téarma 'rialú creidmheasa'. **(10 marc)**

(E) Liostaigh **trí** scil bainistíochta agus mínigh **ceann amháin** acu. **(25 marc)**

## Ceist 6

*Féach ar an eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

| Buiséad seachtainiúil theaghlach Uí Éigeartaigh (£900 sa mhí an glanphá thugann Maidhc Ó hÉigeartaigh abhaile) | | | |
|---|---|---|---|
| | ÉIR£ Ean. | ÉIR£ Feabh. | ÉIR£ Márta |
| A. Ioncam | 900 | 900 | 900 |
| B. Caiteachas | 1,200 | 900 | 950 |
| C. Airgead Tirim Glan (A-B) | (300) | 0 | (50) |
| D. Airgead Tirim Tosaigh | 200 | (100) | (100) |
| Airgead Tirim Deiridh (C+D) | (100) | (100) | (150) |
| **L & M Teo. Réamhaisnéis Shreabhadh Airgid Thirim Márta 1998** | | | |
| | ÉIR£ Ean. | ÉIR£ Feabh. | EIR£ Márta |
| A. Fáltais Iomlána | 5,000 | 12,000 | 24,000 |
| B. Íocaíochtaí Iomlána | 8,000 | 11,000 | 15,000 |
| C. Airgead Tirim Glan (A-B) | (3,000) | 1,000 | 9,000 |
| D. Airgead Tirim Tosaigh | 1,000 | (2,000) | (1,000) |
| Airgead Tirim Deiridh (C+D) | (2,000) | (1,000) | 8,000 |

(A) Ríomh an glanphá bliantúil a thugann Maidhc Ó hÉigeartaigh abhaile. **(5 marc)**

(B) Déan cur síos go hachomair ar **thrí** chúis a n-ullmhaíonn L&M Teo. Réamhaisnéis shreabhadh airgid thirim. **(15 marc)**

(C) Cad é rótharraingt bhainc? Mínigh cén chúis a gcaithfidh muintir Uí Éigeartaigh agus L&M Teo. leas a bhaint as rótharraingt i mí Eanáir. **(15 marc)**

(D) Déan cur síos go hachomair ar roinnt cosúlachtaí atá idir líon tí a bhainistiú agus gnó a bhainsitiú. **(15 marc)**

(E) Liostaigh **trí** phrionsabal árachais agus mínigh **ceann amháin** acu. **(25 marc)**

## Bainistíocht

### Ceist 7

*Féach ar an eolas atá tugtha agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

Bhunaigh Stiúrthóir Bainistíochta R&D Teo. foirne i ngach roinn sa ghnólacht. Chuir an fhoireann airgeadais an t-eolas seo a leanas chuig an SB trí ríomhphost.

Ó: Foireanna Airgeadais (R&D Teo.) Chuig: An Stiúrthóir Bainistíochta
Ábhar: Scarbhileog Cuntas

| | Cuntas Deiridh | (sliocht) | | Clár Comhardaithe | (sliocht) | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1998 | 1997 | | | 1998 | 1997 |
| | ÉIR£ | ÉIR£ | | | ÉIR£ | ÉIR£ |
| Díolacháin | 100,000 | 60,000 | | Sócmhainní Reatha | 40,000 | 60,000 |
| Brabús Comhlán | 20,000 | 6,000 | | Fiachais Reatha | 80,000 | 40,000 |
| Brabús glan | 5,000 | 3,000 | | Stoc Deiridh | 20,000 | 10,000 |
| | | | | Tuillimh Choimeádta | | 50,000 |

(A) Cad is scarbhileog ann? **(5 marc)**

(B) Déan cur síos go hachomair ar **thrí** bhuntáiste a bhaineann le hobair fhoirne don ghnólacht R & D Teo. **(15 marc)**

(C) Ríomh an corrlach comhlán agus an corrlach glan do 1998 agus 1997. Pléigh an treocht. **(25 marc)**

(D) Ríomh an cóimheas caipitil oibre agus an cóimheas fíorthástála do 1998 agus 1997. Pléigh an treocht. **(25 marc)**

(E) Mínigh an téarma 'Tuillimh Choimeádta'. **(5 mharc)**

## Gnó ag gníomhú

### Ceist 8

*Féach ar an eolas atá tugtha agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.*

Is trádálaí aonair í Jane Mills. Dearann agus díolann sí éadaí. Níl sí ábalta freastal ar an méid éilimh atá ar a cuid táirgí agus tá sí ag smaoinemah ar chuideachta theoranta phríobháideach a bhunú chun airgeadas a fháil. Moladh di athrú chuig baisctháirgeadh ó jabtháirgeadh agus tabhairt faoi fheachtas fógráiochta.

(A) Mínigh cad is brí le trádálaí aonair. **(10 marc)**

(B) Déan idirdhealú idir jabtháirgeadh agus baisctháirgeadh. **(10 marc)**

(C) Liostaigh **trí** bhuntáiste a bheadh i mbunú chuideachta theoranta phríobháideach do Jane Mills. **(15 marc)**

(D) Luaigh **dhá** fhoinse airgeadais mheántéarmaigh a bheadh ar fáil do Jane agus mínigh **ceann amháin** acu. **(15 marc)**

(E) Mínigh **ceithre** chineál meán fógraíochta agus léirigh do fhreagra le sampla de gach ceann acu. **(25 marc)**